**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2022/2047(INI)**

17.10.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh Nua le haghaidh an Chultúir agus Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta
(2022/2047(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Sabine Verheyen

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go bhfuil cultúr agus rochtain ar chultúr bunriachtanach don tsaoirse agus don urraim do chearta an duine;

B. de bhrí gur thug na Ballstáit uile gealltanais, faoi Dhearbhú 2021 na Róimhe de chuid Airí Cultúir G20, go ndéanfaidís ghníomhaíochtaí chun oidhreacht chultúrtha atá i mbaol i limistéir ghéarchéime a chosaint, agus go n-aithníonn siad acmhainneacht mhór na hoidhreachta cultúrtha chun gníomhaíocht ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe a spreagadh;

C. de bhrí go raibh géarchéim COVID-19 ina léiriú go bhfuil earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, arb iad a iompraíonn an comhtháthú sóisialta de ghnáth iad, ar dhá cheann de na hearnálacha is leochailí;

1. á athdhearbhú gur príomhghné den fhorbairt dhaonna é an cultúr, gur spreagadh don fhorbairt inbhuanaithe é agus gur cuid lárnach dá gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil é; á mheabhrú gur féidir leis an gcultúr poist a chruthú, fás a spreagadh agus athruithe sochaíocha fadtéarmacha agus dul chun cinn a chothú, agus go bhfuil sé ina rannchuidiú le cobhsaíocht agus inbhuanaitheacht pobal agus le neartú an chomhtháthaithe shóisialta; á mheabhrú go bhfuil an cultúr ríthábhachtach i gcur chun feidhme ghealltanas Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár; á iarraidh go neartófar rannchuidiú na ngníomhaithe cultúrtha leis an bhforbairt inbhuanaithe trí aitheantas mar oibrithe gairmiúla a thabhairt d'údair, d'ealaíontóirí agus d'oibreoirí cultúrtha agus cruthaitheacha, trí rannpháirtíocht in idirphlé feabhsaithe agus cuimsitheach, trí líonraí gairmiúla, trí mhalartuithe agus comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóirí, agus trí thacaíocht d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta; á chur i bhfios go láidir gur gá ról taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh mar chomhpháirtí cultúrtha domhanda a neartú i gcomhréir le meon na spriocanna forbartha inbhuanaithe; á chur i bhfios go láidir gur bealaí tábhachtacha iad malartuithe óige, nascadh cathracha agus comhpháirtíochtaí gairmiúla chun tuiscint idirchultúrtha a chothú agus gur cheart don Aontas iad a chur chun cinn ina bheartais forbartha agus ina bheartas eachtrach; á athdhearbhú gur gá malartuithe idirnáisiúnta a éascú ar mhaithe le caidreamh cultúrtha a chothú agus le deireadh a chur le bacainní ar shoghluaisteacht in earnáil an chultúir;

2. á athdhearbhú gur uirlisí iad an cultúr agus an oidhreacht chultúrtha, lena n-áirítear comhar cultúrtha idirnáisiúnta, chun luachanna an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear an tsíocháin, an daonlathas, an smacht reachta, saoirsí bunúsacha, cearta an duine agus comhionannas inscne, agus go dtugtar an deis don Aontas, dá Bhallstáit agus dá thíortha comhpháirtíochta, a bhuí leo, foghlaim ó chultúir, ó dhea-chleachtais agus ó fhios gnó, chun forbairt thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta a spreagadh, agus chun caoinfhulaingt, idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidmheach, agus comhthuiscint a chothú;

3. á chur i bhfios go láidir nach mór rochtain ar chultúr agus ar oideachas a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha, chun an fáinne fí is cúis leis na dálaí soch-chultúrtha ina saol a bheith ag dul in olcas a bhriseadh;

4. á chur in iúl gur geal léi cuimsiú an chultúir mar réimse idirghabhála sa chlár téamach um dhúshláin dhomhanda faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) – an Rialachán maidir leis an Eoraip Dhomhanda chun cothú a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe shóisialta agus eacnamaíoch, agus ar an gcomhar cultúrtha idirnáisiúnta, agus chun tionscnaimh maidir leis an éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn; á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú na hionstraime NDICI — an Eoraip Dhomhanda leis an gclár Erasmus+, go háirithe na gníomhaíochtaí lena ndírítear ar thíortha ón Domhan Theas nach bhfuil rannpháirteach sa chlár Erasmus+; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faireachán cuí a dhéanamh ar an staid maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí lena mbaineann comhar cultúrtha idirnáisiúnta agus na torthaí arna mbaint amach leis an ionstraim NDICI — an Eoraip Dhomhanda, go háirithe sa chultúir agus san oideachas, lena n-áirítear tríd an bpróiseas grinnscrúdaithe leathbhliantúil (Idirphlé Geopholaitiúil Ardleibhéil), tuairisciú bliantúil agus dlúthmheastóireacht ar tháscairí feidhmíochta, agus tuairisc a thabhairt go tráthrialta don Pharlaimint ina leith sin;

5. ag tathant ar an gCoimisiún cistiú iomchuí a sholáthar don chaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta i gcláir reatha don chultúr agus don oideachas, go háirithe trí dheiseanna maoinithe cultúrtha a áireamh i leithdháiltí geografacha agus freisin i gcláir théamacha na hionstraime NDICI; á iarraidh freisin go mbeidh cistiú leormhaith ann chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a athchóiriú faoi NDICI — an Eoraip Dhomhanda, go háirithe i limistéir ina mbíonn coinbhleachtaí agus i réigiúin atá leochaileach ó thaobh tubaistí nádúrtha agus rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide; á iarraidh ar thíortha comhpháirtíochta, thairis sin, a mbeartais chultúrtha a neartú; á chur i bhfios go láidir gurb amhlaidh, chun go mbeidh gníomhaíochtaí maoinithe cultúrtha seachtracha an Aontais inbhuanaithe san fhadtéarma, nach mór dlúthpháirt iontu a thabhairt do chomhpháirtithe áitiúla, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, nach mór do chláir a bheith oiriúnach don saol mar atá go háitiúil, agus nach mór aird chuí a thabhairt ar an tréimhse i ndiaidh an chistithe i gcur chun feidhme agus meastóireacht tionscadal;

6. á chur i bhfáth go bhfuil sé d'acmhainn ag an Aontas a chomhpháirtíochtaí um chomhar cultúrtha idirnáisiúnta a neartú trí na réigiúin is forimeallaí agus trí na tíortha agus na críocha thar lear, atá lonnaithe ar chrosbhóthair gheografacha, chultúrtha agus teanga ar fud an domhain; á iarraidh ar an Aontas tionscadail maidir le comhar cultúrtha idirnáisiúnta lena bhfuil baint ag na réigiúin is forimeallaí agus ag tíortha agus críocha thar lear a cheapadh chun lánpháirtiú réigiúnach a chothú agus chun comhpháirtíochtaí nua a thógáil le tíortha comhpháirtíochta;

7. á chur i bhfáth gur gá an éagsúlacht chultúrtha a chosaint agus a chur chun cinn mar choinníoll d'idirphlé torthúil idir tíortha agus cultúir; á mheabhrú gur thug an tAontas gealltanas rannchuidiú le cur chun feidhme Choinbhinsiún Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) maidir le hÉagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn.

8. á chur in iúl gur geal léi comhtháthú caibidle ar leith maidir leis an gcultúr faoi Theideal III (Forbairt Dhaonna agus Shóisialta) den chomhaontú comhpháirtíochta atá beartaithe idir an tAontas agus Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS); á chur i bhfios go láidir gur cheart, leis an gcomhar sa réimse sin, aghaidh a thabhairt freisin ar an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar an oidhreacht chultúrtha agus rannchuidiú leis na hiarrachtaí chun a áirithiú go ndéanfar saothair agus déantáin chultúrtha a thabhairt ar ais, a aiseag agus a chaomhnú; á mheabhrú go n-áirítear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus CARIFORUM prótacal ar leith maidir le comhar cultúrtha, ina bhfuil forálacha maidir le malartuithe agus idirphlé cultúrtha; á iarraidh go gcaithfear go fabhrach le bearta chun an sreabhadh earraí agus seirbhísí cultúrtha a éascú agus chun soghluaisteacht ealaíontóirí ó thíortha atá i mbéal forbartha a chur chun cinn, mar a shainítear i gCoinbhinsiún UNESCO 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn chun earnáil chultúrtha dhomhanda atá cothrom a chruthú; á iarraidh go neartófar cláir chultúrtha chun deiseanna fostaíochta, turasóireacht, fás cuimsitheach agus inbhuanaithe, agus comhtháthú sóisialta a spreagadh, chun cumhachtú na hóige agus comhionannas inscne a chur chun cinn, chun dul i ngleic le noirm agus steiréitíopaí sóisialta agus inscne díobhálacha, chun gach cineál idirdhealaithe a chomhrac agus chun tacú le hearnáil an chultúir, ar mór an tionchar a d’imir paindéim COVID-19 uirthi, agus freisin chun tacú le cearta cultúrtha i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus na cearta sin a chur chun cinn iontu, lena n-áirítear an tsaoirse d’ealaíontóirí, d’iriseoirí agus d’acadóirí chun tuairimí a nochtadh, agus chun idirphlé saor in aisce agus malartú dea-chleachtas a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta;

9. á iarraidh go bhforbrófar samhlacha nua comhair idir an tAontas agus tíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe lena n-institiúidí cultúrtha náisiúnta;

10. á iarraidh go n-áireofar sa Phlean Gníomhaíochta don Aos Óg i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh bearta agus cláir shonracha lena rannchuidítear le cultúir agus teangacha eile a nochtadh do dhaoine óga san Aontas agus sa Domhan Theas araon;

11. ag cur béim ar an bhfíoras gur gné ríthábhachtach í cosaint, caomhnú agus athchóiriú na hoidhreachta cultúrtha agus nádúrtha chun a áirithiú go ndéanfar í a tharchur chuig na glúnta atá le teacht, go háirithe do dhaoine óga; á mheabhrú go ndéantar urraim agus comhthuiscint ar luach na gcultúr éagsúil a chur chun cinn trí shaothair agus déantáin chultúrtha a athchóiriú, agus go gcuirtear chun cinn freisin an tsíocháin, an t-athmhuintearas agus an t-idirphlé dá bharr; ag spreagadh an Aontais agus na mBallstát idirphlé a éascú agus dea-chleachtais a chomhroinnt maidir leis an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a athchóiriú faoi chuimsiú an Rialacháin NDICI – an Eoraip Dhomhanda;

12. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról uathúil ag pobail dhúchasacha agus ag pobail áitiúla a bhíonn ag cur fúthu ar thalamh a sinsir in éineacht leis an dúlra agus leis an bhfiadhúlra maidir leis an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chosaint agus a chur chun cinn, agus a thábhachtaí atá siad maidir le bearta maolaithe agus oiriúnaithe i gcás an athraithe aeráide a chur chun feidhme; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé bunriachtanach, i dtíortha atá i mbéal forbartha, teangacha mionlaigh agus dúchasacha a chosaint chun féiniúlacht chultúrtha agus dínit na bpobal dúchasach a choimirciú agus

chun a n-oidhreacht thraidisiúnta a chaomhnú; á iarraidh go soláthrófar maoiniúchán leormhaith leis an ionstraim NDICI — an Eoraip Dhomhanda chun cosaint na hoidhreachta cultúrtha agus nádúrtha a neartú i leith chearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil (PDAnna), lena n-áirítear na cearta talún atá acu;

13. á iarraidh go mbeidh comhar feabhsaithe ann idir an earnáil phríobháideach agus gníomhaithe poiblí maidir leis an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a chaomhnú i dtíortha comhpháirtíochta; á mheabhrú go bhfuil an earnáil phríobháideach ina rannchuidiú le láithreáin chultúrtha a riar, a mhaoiniú agus a chosaint;

14. á iarraidh go ndéanfar leasanna na dtíortha atá i mbéal forbartha, ar minic a n-oidhreacht chultúrtha a bheith á milleadh mar thoradh ar choinbhleachtaí, a urramú, a chosaint agus a chur san áireamh sa phlean gníomhaíochta do 2022-2025 i gcoinne na gáinneála aindleathaí ar mhaoin chultúrtha;

15. á chur i bhfios go láidir gur féidir le heaspa bonneagar cuí, eolas gairmiúil agus gairmithe oilte a bheith ina bacainn ar bhainistiú cuí na hoidhreachta cultúrtha agus déantán;

16. ag cur béim ar a thábhachtaí atá malartú smaointe, faisnéise, ealaíne agus gnéithe eile an chultúir idir náisiúin agus a bpobail chun comhthuiscint a chothú; á mheabhrú go bhfuil ról tábhachtach ag cultúr agus ealaín an phobail maidir leis an gcaoi a mbraitear tír, náisiún nó saincheist; ag cur béim ar an ról atá ag saothair chultúrtha ar mhaithe le tuiscint idir teangacha agus thar theorainneacha; á chur i bhfáth go ndéanann saothair chultúrtha amhail scannáin nó litríocht naisc a chruthú idir cultúir éagsúla agus gur cheart, dá bhrí sin, comhléirithe idirnáisiúnta a chur chun cinn;

17. á iarraidh go ndéanfar oiliúint leormhaith, malartú eolais agus comhroinnt dea-chleachtas a chomhtháthú i dtionscnaimh de chuid an Aontais, lena n-áirítear tionscnaimh lena dtacaítear le hoideachas agus le cláir mhalartaithe.

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 13.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 19<br>–: 1<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eric Andrieu, Hildegard Bentele, Catherine Chabaud, Lefteris Christoforou, Antoni Comín i Oliveres, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Karsten Lucke, Pierfrancesco Majorino, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alessandra Basso, Benoît Biteau, Caroline Roose |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | France Jamet, Pierre Karleskind, Ljudmila Novak, Christine Schneider |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 19 | + |
|---|---|
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| PPE | Hildegard Bentele, Lefteris Christoforou, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Ljudmila Novak, Christine Schneider, Tomas Tobé |
| Renew | Catherine Chabaud, Pierre Karleskind |
| S&D | Eric Andrieu, Ilan De Basso, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Pierfrancesco Majorino |
| An Chlé | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Pierrette Herzberger-Fofana, Caroline Roose |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | France Jamet |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh: